

## Comhairle do thuismitheoirí le linn COVID-19:

# Filleadh ar Bhunscoileanna

## Ranganna 3 go 6



Coronavirus  
**COVID-19**  
Public Health  
Advice

Le tacaíocht ó oifigí shláinte poiblí, tá pobail scoile ag obair go crua chun oibriú sábháilte ár scoileanna a chinntiú do dhaltaí, do bhaill foirne agus do theaghlaigh.

Chuir gach scoil rialacha agus gnáthaimh i bhfeidhm nach mór cloí leo chun gach duine a choinneáil sábháilte. Tá an chomhairle sláinte poiblí is déanaí maidir le fillleadh ar an scoil ar fáil ar [gov.ie/scoileanna](http://gov.ie/scoileanna).



**Má bhíonn ceann ar bith de na siomptóim seo a leanas a bhaineann le Covid-19 ar do leanbh, ná cuir chun na scoile é/í agus déan teagmháil le do lia-chleachtóir ginearálta:**

- Tá teocht 38 gcéim Celsius nó níos airde ann/inti
- Tá aon siomptóim choitianta eile a bhaineann le Covid-19 air/uirthi – casacht nua, blaiseadh nó boladh cailte nó athraithe, giorra anála nó riocht anáilithe a bhí ann cheana agus a d'éirigh níos measa
- Bhí sé/sí i ndlúth-theagmháil le duine éigin a fuair toradh deimhneach ar thástáil Covid-19
- Cónaíonn sé/sí le duine éigin atá tinn agus a bhfuil seans ann go bhfuil Covid-19 air/uirthi
- Tá siomptóim neamhchoitianta eile a bhaineann le Covid-19 air/uirthi, amhail scornach thinn, tinneas cinn nó buinneach
- D'fhill sé/sí ó thír eile sna 14 lá seo a chuaigh thart.



Féach [anseo](#) chun tuilleadh faisnéise a fháil.

**Dlúth-Theagmhálaithe: má fhaigheann dalta nó ball foirne scoile toradh deimhneach ar thástáil Covid-19, ní mór dó/di féinleithlisiú agus déanfaidh an Rannóg Sláinte Poiblí measúnú riosca. Ní mór d'aon duine a meastar gur dlúth-theagmhálaí é/í srian a chur lena g(h)luaiseacht agus níor cheart dó/di freastal ar an scoil. Tá treoir do thuismitheoirí ar fáil [anseo](#).**

### Sampla: Ní mór do dhlúth-theagmhálaí srian a chur lena g(h)luaiseacht

- Ciara Ní Chinnéide i rang 3 i mBunscoil Eoin Dé
- Fuair leanbh ina rang toradh deimhneach ar thástáil Covid-19
- Tar éis measúnú riosca sláinte poiblí a dhéanamh, sainiúodh Ciara mar dhlúth-theagmhálaí
- Tugtar fógra do thuismitheoirí Chiara gur cheart di srian a chur lena gluaiseacht ar feadh 14 lá ón lá deiridh a bhí sí i dteagmháil leis an leanbh a fuair toradh deimhneach.



### Sampla: Ní cheanglaítear ar theagmhálaí de chuid teagmhálaí srian a chur lena g(h)luaiseacht

- Tá Séamas Ó Cinnéide i rang na naíonán sinsearach i mBunscoil Eoin Dé. Is deartháir le Ciara é
- Níor shainaithin an Rannóg Sláinte Poiblí é mar dhlúth-theagmhálaí de chuid an linbh a fuair toradh deimhneach
- Féadfaidh Séamas leanúint le freastal ar an scoil
- Má fhaigheann Ciara nó aon duine eile sa teaghlach toradh deimhneach ar thástáil, áfach ní mór do Shéamus fanacht sa bhaile



An Roinn Oideachais  
Department of Education

## Comhairle do thuismitheoirí le linn COVID-19:

# Filleadh ar Bhunscoileanna Rang

## Ranganna 3 go 6



- **Dea-chleachtas ní lámhe agus sláinteachais lámhe** - faisnéis thábhachtach do gach dalta. Tá sé tábhachtach go nífí lámha daltaí go rialta. Nuair is féidir, ba cheart treoir a thabhairt do dhaltai casacht nó sraoth a dhéanamh isteach ina n-uillinn nó i gciarsúr páipéir. Ní mór an ciarsúr páipéir a chur sa bhosca bruscair díreach ina dhiaidh sin.

- Fillfidh leanaí ó ranganna 3 go 6 ar an mbunscoil le haghaidh foghlaim i bpearsa an 15 Márta.



- Beidh trealamh cúí cosanta pearsanta ar bhaili foirne i gcás nach féidir leo fanacht dhá mhéadar ar shiúl ó dhaoine eile.

- Tugadh cistiú do scoileanna chun an trealamh cosanta pearsanta sin a sholáthar do bhaili foirne.



- **Iompair Scoile** – tá suíochán sannta ag daltaí agus ní mór dóibh an suíochán sin a úsáid.

- Is am gnóthach é an t-am **bailithe** agus **fágála**.



- Cinntigh scaradh sóisialta trí chloí leis an treoir ón scoil maidir le cén uair ba cheart duit leanbh a bhailiú agus a fhágáil agus cén áit ar cheart duit déanamh amhlaidh. Fág agus bailigh do leanbh go tapa gan crochadh thart.
- Ba cheart do thuismitheoirí cloí leis an gcomhairle sláinte poiblí maidir le sóisialtú lasmuigh den teaghlach ar mhaithe lena leanaí a choinneáil sábháilte lasmuigh den scoil.